Comhairle Contae Dhún na nGall
Donegal County Council

# Ceannaire Tionscadail Córais Faisnéise

# Eolas d'Iarratasóirí

## Nollaig, 2025

## 1. An Post

Tá an Chomhairle ar lorg iarratas ó iarrthóirí a bhfuil na cáilíochtaí cuí agus taithí ábhartha acu do phost mar Cheannaire Tionscadail Córais Faisnéise .

Tá sé i gceist ag an Chomhairle painéal d'iarrthóirí cáilithe a chruthú óna líonfaidh sé folúntais buan agus shealadach de réir mar a thiocfaidh na folúntais sin chun cinn le linn shaolré an phainéil.

Tabharfaidh an t-iarrthóir a n-éireoidh leis tuairisc do Cheann Córais Faisnéise na Comhairle.

## 2. Róil, Dualgais & Freagrachtaí

Tacaíonn Rannóg Córas Faisnéise Chomhairle Contae Dhún na nGall le breis agus 1,100 ball foirne atá lonnaithe ar níos mó ná 100 suíomh, agus déanann sí bainistiú ar cheann de na líonraí TFC is mó de chuid na n-údarás áitiúil in Éirinn. Cuireann an Rannóg réimse leathan seirbhísí ar fáil, lena n-áirítear bainistiú bonneagair, tacaíocht do chórais chorparáideacha, cibearshlándáil agus forbairt dhigiteach. Tá ról lárnach aici fosta maidir le hoibríochtaí inmheánacha na Comhairle agus seirbhísí poiblí a chumasú tríd an teicneolaíocht.

Tá an Rannóg ag cur uasghrádaithe suntasacha i bhfeidhm ar bhonneagar líonraithe, teileafónaíochta agus néalríomhaireachta, agus í ag tacú le cláir náisiúnta, lena n-áirítear an Plean Náisiúnta Leathanbhanda. Leanann sí uirthi ag comhoibriú le comhpháirtithe réigiúnacha agus Eorpacha trí ERNACT agus Donegal Digital, ag cur le nuálaíocht, maoiniú agus forbairt acmhainne. Tá na gníomhaíochtaí seo ar aon dul le Plean Corparáideach na Comhairle agus leis an Straitéis Náisiúnta Dhigiteach um Rialtas Áitiúil.

De réir mar a fhorbraíonn an teicneolaíocht, tá an Rannóg dírithe ar sholáthar seirbhísí a chothabháil agus í ag ullmhú do dhúshláin amach anseo.

Chun na tionscnaimh seo a sholáthar agus a thacú ar dhóigh rathúil, tá an Chomhairle ag lorg pearsanra TFC atá cáilithe agus a bhfuil na scileanna agus an taithí chuí acu, le ceapadh ag leibhéil éagsúla. Tá na róil seo lárnach maidir le cur i bhfeidhm chuspóirí Phlean Corparáideach na Comhairle agus tacú leis an Straitéis Náisiúnta um Rialtas Áitiúil Digiteach. Éilíonn siad inoiriúnaitheacht, nuálaíocht agus tiomantas do rialachas agus do shárchaighdeán seirbhíse. Éilíonn na róil seo fosta cur chuige atá dírithe ar an úsáideoir maidir le fadhbanna a réiteach, ag cur prionsabail an mheoin dearaidh i bhfeidhm chun réitigh TFC phraiticiúla agus nuálacha a sholáthar a fhreastalaíonn ar riachtanais na heagraíochta agus na n-úsáideoirí. Cuirfidh iarrthóirí rathúla le feabhsú leanúnach agus le huaillmhian na

Comhairle seirbhísí digiteacha ar ardchaighdeán a sholáthar do bhaill foirne, saoránaigh agus pobail.

Tuairiscíonn Ceannaire Tionscadail Córais Faisnéise don Cheannaire Córas Faisnéise. Beidh na dualgais a dhéanfaidh an Ceannaire Tionscadail CF ag brath ar a shocrúcháin do réimse fheidhmiúil amháin nó níos mó taobh istigh de Rannóg na gCóras Faisnéise. Féadfaidh socrúcháin athrú ó am go chéile de réir tosaíochtaí eagraíochtúla agus oibríochtúla. D'fhéadfadh bainistíocht líne foirne a bheith i gceist leis na freagrachtaí, lena n-áirítear Anailísithe/Fhorbróirí Córas Faisnéise, Oifigigh Tacaíochta Teicniúla um Chórais Faisnéise, agus pearsanra eile atá sannta do réimsí feidhme ar leith.

**Príomhfhreagrachtaí**

**Ceannaireacht Straitéiseach & Pleanáil**

- Tacú leis an Cheannaire CF agus leis an Fhoireann Bainistíochta CF maidir le forbairt agus cur i bhfeidhm straitéisí TFC.
- Tionscnaimh straitéiseacha a stiúradh atá ag teacht le cuspóirí digiteacha corparáideacha agus náisiúnta.
- Cásanna gnó a fhorbairt agus cur le buiséadú agus pleanáil acmhainní.
- Ionadaíocht a dhéanamh thar ceann Rannóg na gCóras Faisnéise i bhfóraim inmheánacha agus seachtracha.

**Bainistíocht Tionscadal & Punainne**

- Tionscadail TFC ildisciplíneacha a stiúradh ó thus deireadh.
- Foirne tionscadail, amscálaí, buiséid agus cumarsáid le páirtithe leasmhara a bhainistiú.
- Maoirseacht a dhéanamh ar sholáthar agus ar bhainistíocht conarthaí le haghaidh réitigh TFC.
- Monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar fheidhmíocht agus ar thorthaí tionscadal.

**Maoirseacht ar Réimsí Feidhmiúla**

- Ceannaireacht a thabhairt ar fud réimse feidhme amháin nó níos mó atá sannta, amhail:
- Cibearshlándáil agus bainistíocht riosca
- Bonneagar agus líonrú
- Feidhmchláir ghnó agus comhtháthú córas
- GIS agus anailísíocht sonraí
- Forbairt gréasáin agus seirbhísí digiteacha.
- Deasc chabhrach agus bainistíocht seirbhíse

**Soláthar & Tacaíocht Oibríochtúil**

- A chinntiú go soláthraítear seirbhísí TFC ar ardchaighdeán ar fud na heagraíochta.
- Maoirseacht a dhéanamh ar infhaighteacht, feidhmíocht córais agus pleanáil téarnaimh ó thubaistí.
- Bainistiú a dhéanamh ar Chomhaontuithe Leibhéil Seirbhíse (SLAnna), ar chaidrimh le soláthróirí agus ar chonarthaí tacaíochta.
- Feabhsú leanúnach agus nuálaíocht maidir le soláthar seirbhíse a chur chun cinn.

**Rialachas, Comhlíonadh & Polasaí**

- Cur le forbairt agus le hathbhreithniú polasaí TFC.
- Comhlíonadh RGCS (GDPR), cosaint sonraí agus rialacháin na hearnála poiblí a chinntiú.
- Cáipéisíocht agus rianta iniúchta a chothabháil le haghaidh oibríochtaí TFC.

**Daoine a Fhorbairt agus a Bhainistiú**

- Bainistíocht líne a sholáthar do bhaill foirne sannta, lena n-áirítear Anailísithe/Fhorbróirí.
- Bainistíocht feidhmíochta, meantóireacht agus forbairt foirne a threorú.
- Cultúr foirne comhoibríoch agus ardfheidhmíochta a chothú.

**Dualgais**

I measc na ndualgas laethúil a bhaineann leis an phost áirítear iad seo a leanas, ach níl siad teoranta dóibh;

- Anailís, sonraíocht agus imlonnú Iarratais Chorparáideacha a bhainistiú agus uasghrádú ar mhodheolaíocht chomhaontaithe ;
- Bainistiú a dhéanamh ar sheachadadh tacaíochta T.F. d'ardchaighdeán don úsáideoir deiridh d'Fhoireann agus do Chomhaltaí na Comhairle.
- Tionscadail chasta ildisciplíneacha TFC a bhainistiú agus ceannaireacht a sholáthar maidir le seirbhísí TFC a sheachadadh ;
- Tionscnaimh slándála TFC a athbhreithniú, a fheabhsú agus a bhainistiú go gníomhach;
- Comhairle a thabhairt maidir leis an tsonraíocht theicniúil a bhaineann le córais faisnéise nua ;
- Dul i mbun caibidlíochta idir feidhm CF, stiúrthóireachtaí eile, agus soláthróirí seachtracha chun saincheisteanna teicniúla a réiteach in am;
- Ceannaireacht a sholáthar ar theicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus ar dhea-chleachtas;
- Cuidiú le Ceann na gCóras Faisnéise pleananna straitéiseacha fadtéarmacha TFC a fhorbairt ;
- Comhaontuithe seirbhíse a bhunú agus a bhainistiú le haghaidh seirbhísí agus soláthraithe ar conradh;
- Cuidiú agus treoir theicniúil a sholáthar i réimse an RGCS agus i gCosaint Sonraí;
- Cur le forbairt beartais TFC agus forbairt straitéiseach;
- Ionchur i buiséadú TFC agus phleanála seachadta seirbhíse ;
- Foireann theicniúil a threorú i riaradh agus i dtacaíocht fiontair Timpeallachta TFC;
- Foireann Tionscadail a bhainistiú i gcur i bhfeidhm Tionscadail TFC, in am agus faoi bhuiséad;
- Timpeallacht Athshlánaithe ó Thubaiste a dhearadh, a chur chun feidhme agus a thacú;

- Conarthaí ardluacha a sholáthar agus a dhámhachtain le haghaidh TFC;
- Bainistiú foirne agus tacú le forbairt trí bhainistíocht feidhmíochta agus oiliúint;
- Riachtanais teileachumarsáide a chomhlíonadh, lena n-áirítear VoIP (prótacal idirlín guthaithe) agus córais físchomhdhála;
- Dualgais eile a shannfar ó am go ham.

**Achtanna na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021**

Ionas go mbeidh an tÚdarás Áitiúil in ann a chuid oibleagáidí reachtúla a chomhlíonadh, meastar gur riachtanas riachtanach í inniúlacht shásúil sa Ghaeilge le haghaidh ceapacháin/lonnúcháin/athlonnúcháin chuig oifigí atá bunaithe sa Ghaeltacht agus chuig oifigí a fhreastalaíonn ar cheantair Gaeltachta. Caithfidh an inniúlacht a bheith ar leibhéal a chuireann an duine ar a chumas oibriú trí mheán na Gaeilge agus seirbhísí a chur ar fáil don phobal sa Ghaeilge, de réir fhorálacha na nAchtanna Teangacha Oifigiúla, (Leasú) 2021.

Féadfaidh measúnú ar an inniúlacht seo a bheith mar chuid lárnach den phróiseas earcaíochta agus roghnúcháin.

## 3. Cáilíochtaí & Riachtanais an Phoist

Tá sé dearbhaithe ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta go mbeidh na cáilíochtaí do phost an Cheannaire Tionscadail Córais Faisnéise mar atá leagtha amach thíos:

### (a) Carachtar

Beidh dea-cháil ar na hIarratasóirí.

### (b) Sláinte

Beidh sláinte ag iarratasóirí a thabharfadh le fios go bhfuil siad ábalta seirbhís rialta, éifeachtach a chur ar fáil.

Beidh ar iarratasóirí ar éirigh leo sa phróiseas earcaíochta dul faoi scrúdú leighis a dhéanfaidh Comhairleoir Sláinte Ceirde na Comhairle roimh cheapachán.

### (c) Oideachas, Oiliúnt, Taithí, Etc.

Ní mór do gach iarrthóir, ar an dáta is déanaí chun iarratais chomhlánaithe a fháil, a bheith aige :

1) Cáilíocht mhórdhámhachtana ag Leibhéal 8 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC) (i.e. céim onóracha), i ndisciplín ríomhaireachta

ábhartha ***agus*** 4 bliana ar a laghad de thaithí phraiticiúil TFC, le déanaí, atá ábhartha go díreach, ó d'fhostaíocht go dtí seo*

**NÓ**

**2)** Cáilíocht mhórdhámhachtana ag Leibhéal 8 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC) (i.e. céim onóracha), nó níos airde, agus ríomhaireacht glactha sa bhliain deiridh ***agus*** 5 bliana ar a laghad de thaithí phraiticiúil TFC, le déanaí, atá ábhartha go díreach, ó d'fhostaíocht go dtí seo*

**NÓ**

**3)** Cáilíocht mhórdhámhachtana ag Leibhéal 7 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC) (i.e. gnáthchéim), i ndisciplín ríomhaireachta ábhartha ***agus*** 5 bliana ar a laghad de thaithí phraiticiúil TFC, le déanaí, atá ábhartha go díreach, ó d'fhostaíocht go dtí seo*

**NÓ**

**4)** Cáilíocht mhórdhámhachtana CNC Leibhéal 6 i ndisciplín ríomhaireachta ábhartha ***agus*** 6 bliana ar a laghad de thaithí phraiticiúil TFC, le déanaí, atá ábhartha go díreach, ó d'fhostaíocht go dtí seo*

**AGUS**

**5)** Eolas sásúil a bheith acu ar eagraíocht seirbhís phoiblí nó an cumas a bheith acu an t-eolas sin a fháil.

***** Ba cheart na nithe seo a leanas a bheith san áireamh i dtaithí phraiticiúil TFC ábhartha, ach gan a bheith teoranta dóibh: réimsí amhail seachadadh réitigh dhigiteacha a bhainistiú, ailtireacht fiontar, tionscadail forbartha bogearraí agus feidhmchlár lena mbaineann raon teicneolaíochtaí agus ardán lena gcumhdaítear forbairt gréasáin, bainistíocht sonraí, riarachán bunachar sonraí, anailís/fionnachtain ghnó, faisnéis ghnó agus anailísíocht sonraí, DevOps, ailtireacht fiontair, dearadh agus seachadadh seirbhís bonneagair theicniúil, córais oibriúcháin freastalaí agus cliant agus cruacha ailtireachta, tacaíocht seachadta bhonneagar teileachumarsáide agus líonraithe, tacaíocht theicniúil, bainistíocht seirbhíse TFC, tacaíocht oibríochtaí agus freastalaí, slándáil TFC/cibearshlándáil, bainistíocht gléasanna soghluaiste, tacaíocht seachadta fíorúlaithe, tacaíocht bunachar sonraí agus feidhmchláir, néalríomhaireacht, srl.

**Tabhair faoi deara le do thoil:**
Ní mór cinneadh ó Cháilíochtaí agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) a bheith ag gabháil le Cáilíochtaí Neamh-Éireannacha chun a gcomparáideacht a bhunú i gcoinne Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann. Ní mór doiciméad aistriúcháin a bheith ag gabháil le cáilíochtaí thar lear freisin.

**(d) Croí Inniúlachtaí**

| **Réimse Inniúlachta** | **Táscairí** |
|---|---|
| **Bainistíocht & Athrú** | • An cumas chun smaoineamh agus gníomhú go straitéiseach lena chinntiú go bhfuil freagracht fheidhmiúil ailínithe i gceart le beartais agus straitéisí corparáideacha;<br>• Tuiscint shoiléir ar réaltacht pholaitiúil agus ar chomhthéacs oibríochtaí na n-údarás áitiúil;<br>• An cumas dea-chleachtais rialachais a dhaingniú i ngníomhaíochtaí, cleachtais agus próisis laethúla;<br>• An cumas caidreamh gairmiúil dearfach agus táirgiúil a fhorbairt agus a chothabháil go hinmheánach agus go seachtrach leis an údarás áitiúil;<br>• Athrú a bhainistiú go héifeachtach, cultúr cruthaitheachta a chothú a chuimsíonn smaointeoireacht dearaidh i bhfostaithe agus friotaíocht in aghaidh athraithe a shárú. |
| **Torthaí a Bhaint Amach** | • Gníomhaíonn sé go cinntitheach agus déanann cinntí tráthúla, eolasacha agus éifeachtacha;<br>• Leagann a mhéar ar fhaisnéis chriticiúil agus tugann a aghaidh ar shaincheisteanna go loighciúil;<br>• Forbraíonn sé pleananna oibríochtúla agus foirne agus aird aige ar thosaíochtaí corparáideacha, cuspóirí oibríochtúla agus acmhainní atá ar fáil;<br>• Bunaíonn sé caighdeáin seirbhíse agus chúraim ar ardchaighdeáin do chustaiméirí;<br>• Leithdháileann acmhainní go héifeachtach chun pleananna oibríochtúla a chur i gcrích;<br>• Aithníonn sé éifeachtúlachtaí agus cuireann iad i bhfeidhm;<br>• Cinntíonn sé go gcloítear le rialáil agus le nósanna imeachta reachtaíochta; |
| **Feidhmíocht trí Dhaoine** | • Bainistíonn sé feidhmíocht daoine aonair agus foirne go héifeachtach chun spriocanna agus cuspóirí an phlean oibríochtúil a bhaint amach;<br>• Ceannaireacht oiriúnaitheach a úsáid agus tugann sé dea-shampla chun an fhoireann a spreagadh chun torthaí ardchaighdeáin agus seirbhís do chustaiméirí a sheachadadh;<br>• Forbraíonn sé cumas na foirne; |

| | |
|---|---|
| | • Bainistíonn sé tearcfheidhmíocht nó coimhlint;<br>• Tuigeann sé cumarsáid éifeachtach ag gach leibhéal laistigh den eagraíocht;<br>• Léiríonn sé ardleibhéal scileanna cumarsáide ó bhéal agus i scríbhinn agus éisteann go gníomhach le daoine eile;<br>• Spreagann agus cothaíonn sé caidreamh oibre táirgiúil laistigh den eagraíocht agus le páirtithe leasmhara ábhartha go seachtrach. |
| **Éifeachtacht Phearsanta** | • Tionscnaíocht agus cruthaitheacht le tiomantas don smaointeoireacht dearaidh;<br>• Díograis agus dearfacht faoin ról;<br>• Teacht aniar agus folláine phearsanta;<br>• Tuiscint ar an tábhacht a bhaineann le rialachas corparáideach agus ag cur leis;<br>• Léiríonn sé ionracas agus tiomantas do luachanna maithe seirbhíse poiblí;<br>• Tuiscint ar sheachadadh agus rialachas TFC sa tseirbhís phoiblí agus ar na struchtúir agus ar an timpeallacht ina bhfeidhmíonn earnáil na n-údarás áitiúil agus ar ról Ceannaire Tionscadail T.F. sa chomhthéacs seo. |

## 4. Mionsonraí an Phoist

### (a) Ginearálta
Tá beartaithe ag Comhairle Contae Dhún na nGall painéal d'iarrasóirí cáilithe a chruthú fa choinne post mar Cheannaire Tionscadail Córais Faisnéise as a líonfaidh sé aon fholúntais a thiocfadh chun cinn.

### (b) Promhadh
Beidh na hiarratasóirí a cheapfar ar promhadh ar feadh tréimhse ama, a shocróidh an Chomhairle. D'fhéadfadh sé go ndéanfaí an tréimhse seo a shíneadh, cinneadh a bheas faoi rogha na Comhairle.

### (c) Luach Saothair
Is é an páscála náisiúnta bliantúil reatha: íosmhéid de €60,011 (pointe 1) go dtí uasmhéid de €78,015. (LSI 2) (de réir chiorclán EL 07/2025).

Íocfar na daoine a cheapfar ag an phointe chuí ar an scála tuarastail atá ag teacht le Ciorclán na Roinne.

Tosóidh iontrálaithe úra ag an íosphointe ar an scála.

**(d) Bunáit**
Beidh post an Cheannaire Tionscadail Córais Faisnéise lonnaithe in Áras an Chontae, Leifear nó aon suíomh eile den sórt sin a chinnfidh an chomhairle agus beidh sé seo ag brath ar an réimse áirithe agus an tseirbhís chuig a sannfar an sealbhóir poist.

D'fhéadfadh sé go mbeadh roinnt taistil i gceist le ról an an Cheannaire Tionscadail Córais Faisnéise agus go mbeadh fanacht thar oíche i gceist le roinnt turas agus clúdófar na costais bhainteacha le liúntais iomchuí.

**(e) Cónaí**
Beidh na daoine a cheapfar ina gcónaí sa cheantar ina mbeidh na dualgais le feidhmiú nó faoi fhad réasúnta de.

**(f) Uaireanta Oibre** / **Saoire Bhliantúil**
35 uair an chlog sa tseachtain na gnáthuaireanta oibre a bheidh ag an té a cheapfar. Beidh sé de cheart ag an Chomhairle na huaireanta oibre a athrú ó am go chéile.

Beidh ar an gCeannaire Tionscadail CF na huaireanta a dhírítear Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Dhún na nGall a oibriú, lena n-áirítear uaireanta lasmuigh den ghnáthlá oibre a bhaineann le freagrachtaí agus riachtanais an phoist.

Beidh liúntas saoire bhliantúla uasmhéid 30 lá do gach iarrthóir.

**(g) Riachtanas Tiomána**
Beidh ar Iarratasóirí:
(a) Ceadúnas Tiomána chatagóir B iomlán a bheith acu.
(b) A bhfeithicil féin a bheith acu lena úsáid le linn a gcuid dualgas agus is le liúntais chuí a chlúdófar na costais bhainteacha.

**(h) Riachtanais Saoránachta**
Ní mór d'iarratasóirí incháilithe a bheith, ar an dáta is déanaí lena nglacfar le foirmeacha iarratais comhlánaithe;
(a) Ina S(h)aoránach de chuid Limistéar Eacnamaíoch na hEorpa (EEA). Cuimsíonn an EEA na Ballstáit den Aontas Eorpach, an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua; **nó**
(b) Ina S(h)aoránach de chuid na Ríochta Aontaithe (RA); **nó**
(c) Ina S(h)aoránach de chuid na hEilvéise de bhun an chomhaontaithe idir an AE agus an Eilvéis maidir le saorghluaiseacht daoine; **nó**
(d) Ina S(h)aoránach neamh-EEA ar céile nó leanbh de shaoránach EEA, RA nó Eilvéiseach é/í agus a bhfuil víosa stampa 4 aige/aici; **nó**
(e) Ina d(h)uine ar bronnadh cosaint idirnáisiúnta air/uirthi faoin Acht Cosanta Idirnáisiúnta 2015 nó aon bhall teaghlaigh atá i dteideal fanacht sa

Stát mar thoradh ar athaontú teaghlaigh agus a bhfuil víosa stampa 4 aige/aici; **nó**
(f) Ina S(h)aoránach neamh-EEA ar tuismitheoir leanaí cleithiúnaí é/í atá ina s(h)aoránach de chuid, agus ina c(h)ónaí i mBallstát de chuid an EEA nó san RA nó san Eilvéis agus a bhfuil víosa stampa 4 aige/aici.

**(i) Coinbhleachtaí Leasa**
Ní ghabhfaidh sealbhóir an phoist d'aon slí bheatha shochrach, seachas mar fhostaí de chuid údarás áitiúil, a mhéid a dhéanfadh dochar do chomhlíonadh a dhualgas nó a dualgas mar fhostaí d'údarás áitiúil nó d'aon slí bheatha a d'fhéadfadh a bheith ar neamhréir le leasanna an údaráis áitiúil nó a d'fhéadfadh a bheith ar neamhréir le comhlíonadh a dhualgas mar fhostaí de chuid údaráis áitiúil.

**(j) Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána**
D'fhéadfadh d'iarratasóirí don phost a bheith faoi réir Ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána. Tabhair faoi deara go gcaithfidh gach iarratasóir Nochtadh Grinnfhiosrúcháin sásúil ón Gharda Síochána a fháil roimh cheapachán, seachas sin, tarraingeofar siar an tairiscint fostaíochta.

Sa chás go léiríonn Nochtadh Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána go bhfuil cás ar feitheamh, ní fhéadfar leanúint ar aghaidh leis an cheapachán ag an am sin agus tarraingeofar siar an tairiscint fostaíochta. Coinneofar an t-iarratasóir, ar an phainéal, áfach, agus beidh sé á mheas don chéad fholúntas eile, má thagann a leithéid chun cinn le linn saolré an phainéil.

## 5. Próiseas Earcaíochta

### A. Foirm Iarratais / Application Form
- Ní mór iarratais a dhéanamh ar **an fhoirm iarratais oifigiúil ar líne** agus ní mór gach cuid den fhoirm a bheith líonta go hiomlán.
- Caithfidh iarratais a bheith faighte againn faoin spriocdháta mar atá luaite ar an gcóras.

### B. Gearrliostú & Agallamh
Is féidir iarratasóirí a ghearrliostú faoi choinne agallaimh ar bhonn an eolais a chuirtear ar fáil. Sa chás go mbeidh gá le beart gearrliostaithe, tionólfar Painéal saineolaithe leis na foirmeacha iarratais a scrúdú agus a mheas de réir critéir réamhshocraithe, bunaithe ar riachtanais an phoist. Mar sin de, bheadh sé le do leas cuntas mion, beacht a thabhairt ar do cháilíochtaí agus ar do thaithí ar an fhoirm iarratais.

Má mheastar, mar gheall ar líon agus caighdeán na n-iarratas a gheofar, gur réasúnach gan gach iarratasóir a chur faoi agallamh, ní ghlaofar chun

agallaimh ach daoine ar dócha go ngnóthódh siad caighdeán ar leor é chun iad a roghnú agus a mholadh faoi choinne ceapacháin.

Ná glactar leis gurb ionann duine a iontráil i gcomórtas nó cuireadh chun agallaimh a chur ar an duine sin agus a thabhairt le tuiscint go mbeadh Comhairle Contae Dhún na nGall sásta go gcomhlíonann an duine sin riachtanais an phoist.

**C. Ceart ar Fhaisnéis agus Athbhreithniú - #ISPL 001**

Tá an Chomhairle tiomanta d'aiseolas agus faisnéis a thabhairt d'iarratasóirí. Mas mian le hiarratasóir ar bith é, is feidir leo iarraidh go ndéanfaí athbhreithniú ar aon chinneadh nó at an phróiseas féin.

Caithfear a leithéid d'iarratas a chur isteach i scríbhinn, ag lua an uimhir thagartha thuas, ag cur in iúl na cúise atá leis an iarratas agus caithfear é seo a chur faoi bhráid na Rannóige Acmhainní Daonna, Ionad na dTrí Abhainn, Leifear, Co. Dhún na nGall laistigh de chúig lá oibre ón dáta ar tugadh fógra faoi chinneadh ábhartha.

**D. Rúndacht**

Faoi réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise 2014, is faoi rúndacht dhocht a phléifear le hiarratais.

**E. Eile**

Tá ceapacháin na Comhairle faoi réir seiceálacha sásúla maidir le teistiméireachtaí, cáilíochtaí, scrúduithe leighis agus Grinnscrúdú Garda, mar is cuí.

**F. Cúis Dícháilithe í an Chanbhasáil**

Dícháileofar iarratasóir ar an toirt ón phróiseás earcaíochta a dhéanann iarracht (nó a ndéanann duine iarracht ar a s[h]on) oifigeach de chuid na Comhairle (nó duine a ainmníonn sí le hagallamh a chur ar iarratasóirí nó iad a scrúdú) a chanbhasáil nó tionchar a imirt air/uirthi ar son an iarratasóra, go díreach nó go hindíreach, bíodh sé i bhfoirm cumarsáid scríofa nó eile.

**G. An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí**

Tá Comhairle Contae Dhún na nGall meáite ar do chuid sonraí pearsanta a chosaint agus comhlíonaimid ár gcuid oibleagáidí faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 – 2018, agus faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí.

- An Bunús ar a bPróiseáiltear do chuid Sonraí Pearsanta

Is é an bunús ar a bpróiseáiltear do chuid sonraí pearsanta ná d’fhonn d’iarratas ar an phost dár chuir tú isteach air le Comhairle Contae Dhún na

nGall a phróiseáil faoi Théarmaí Acht Fostaíochta (Faisnéis) 1994 agus polasaithe agus gnáthaimh na Rannóige Acmhainní Daonna.

Nuair a fhaighimid d'fhoirm iarratais, cruthaímid taifead ríomhaire faoi d'ainm, ina mbíonn cuid mhaith de na sonraí pearsanta mar atá luaite agat i d'fhoirm iarratais.
Ní úsáidtear an taifead pearsanta seo ach amháin chun d'iarratas a phróiseáil. Tá tú i dteideal, in am ar bith, cóip den fhaisnéis faoi dtaobh díot féin, atá á coinneáil ar taifead againn, a fháil.

- Comhroinnt na Faisnéise

Taobh amuigh den fhoireann earcaíochta iomchuí, ní dhéanfar na sonraí ar d'fhoirm iarratais a chomhroinnt ach d'fhonn an comórtas ar chuir tú isteach air a chur chun cinn in éineacht le Bord gearrliostaithe agus/nó agallaimh ainmnithe.
Más amhlaidh, i ndiaidh an chomórtais, go gcuirtear ar Phainéal thú agus go dtairgtear post duit, beidh na sonraí a chuir tú ar fáil i d'fhoirm iarratais mar chuid den Chomhad Pearsanra s'agat.

Sa bhreis air sin, sa chás go dtairgfí post duit agus go ndearbhófá ina dhiaidh sin gur spéis leat an post, bainfear úsáid as na sonraí ar d'fhoirm iarratais d'fhonn taifid seirbhíse agus teistiméireacht fostaíochta a iarraidh.

- Tréimhse Stórála

Coinneofar d'iarratas go ceann dhá bhliain ó dháta bunaithe an phainéil don phost seo. Déanfar iarratais nach gcuirfear ar aghaidh chuig céim an agallaimh a scriosadh i ndiaidh an chomórtais.

Is féidir teacht ar Ráiteas Príobháideachta Chomhairle Contae Dhún na nGall ag: www.donegalcoco.ie